# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## An Ardteistiméireacht 2014

## Aistriúchán
## Ar Scéim Mharcála

## Rúisis

## Gnáthleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

**Teanga Scríofa**

**220 MARC**

**Tarscaoileadh:** Ina gcás siúd dar deonaíodh tarscaoileadh maidir le litriú agus gramadach, ní ghearrtar pionós as earráidí sa litriú ná i ngnéithe áirithe eile den ghramadach, mar a míníodh ag an gcomhdháil. Agus obair na n-iarrthóirí sin á meas, cuirfear scéim mharcála mhionathraithe i bhfeidhm.

**An scéim mharcála a dhíchódú:**

- Léiríonn stríoc [ / ] malairtí; déanfaidh ceachtar acu.
- Cuimsíonn lúibíní cruinne ( ) eolas atá bailí ach nach bhfuil riachtanach do mharcanna.
- Ná gearr pionós as freagraí atá tugtha i Rúisis.

**ROINN I (160 marc)**

**A. AISGHABHÁIL EOLAIS (60 marc): Téacs 1 = 30 marc + Téacs 2 = 30 marc**

**Téacs 1 (30 marc)**
Léigh an téacs seo a leanas agus freagair na ceisteanna **i nGaeilge. (24 marc)**
***Leithdháil 2 mharc as gach smaoineamh / coincheap atá ceart mura luaitear a mhalairt (gach smaoineamh / coincheap deighilte ag +) agus 1 mharc as smaoineamh / coincheap atá ceart go páirteach. Ná bain marcanna as Gaeilge mhícheart (litriú, comhréir) seachas sa chás go gcuireann sí bac ar chumarsáid.***

i. Cén áit a bhfuil lárionad na leanaí, "Orlyonok", suite? (2)
Ar / Gar don Mhuir Dhubh (do chósta na Mara Duibhe) + 45 km ó Tuapse + gar do / in Tuapse
***Bronn marc amháin as:*** sa Rúis

ii. Tabhair **dhá** shonra faoi na seirbhísí atá san áireamh i gcostas campa samhraidh in "Orlyonok". (4)
***Dhá cheann díobh seo:*** Bia + cóiríocht + turas (chuig suíomh cultúrtha nó stairiúil sa réigiún) + (ceachtanna) snámh(a) + siúlóidí agus falróidí + seirbhísí leighis + bualadh le chéile ag stáisiún traenach + taisteal chuig Tuapse / stáisiún traenach agus uaidh

iii. Tabhair **ceithre** shonra faoi na himeachtaí spóirt atá ar fáil ag an gcampa. (8)
***Ceithre cinn díobh seo:*** Spórt foirne + cispheil + peil + eitpheil + spórt aonair + leadóg + badmantan + leadóg boird + lúthchleasaíocht + ficheall + táiplis + spórt uisce + seoltóireacht + páirc uisce + fánaíocht lae / dhá lá + falróidí sléibhe

iv. Tabhair sonra **amháin** faoi na himeachtaí cruthaitheacha / gníomhaíochtaí atá ar fáil ag an gcampa. (2)
Amhránaíocht + damhsa + taibhithe téatair + quizeanna + lámhchleasaíocht + cleasa draíochta

v. Ainmnigh **dhá** rud a mholtar do na leanaí a thabhairt leo go dtí an campa. (4)
***Dhá cheann díobh seo:*** culaith spóirt + bróga reatha + culaith snámha + caipín snámha + éadaí maithe (i gcomhair cóisir / dioscónna) + bróga tí + athruithe léinte agus léinte aclaíochta + éadaí oíche + geansaí te + seaicéad te / uiscedhíonach + hata (te)

vi. Ainmnigh **dhá** rud nach bhfuil cead ag na leanaí a thabhairt leo go dtí an campa. (4)
***Dhá cheann díobh seo:*** trealamh costasach + éadaí costasacha + bróga costasacha + cumhrán costasach + trealamh fuaime nó físe + seodra (ór, airgead, platanam, clocha lómhara) + scátaí rollála + clár scátála

**Léirthuiscint teanga** (6 mharc)
Scríobh amach de láimh i script reatha / lámhscríofa Choireallach an abairt seo a leanas. (6 mharc)
**«Орлёнок» — детский центр для детей и подростков 11-16 лет (учащихся 6-10 классов).**

**Téacs 2 (30 marc)**
Léigh an fógra do chomórtas póstaer idirnáisiúnta. Is é an aidhm a bhaineann leis an gcomórtas póstaer seo ná a thaispeáint go bhfuil eolas faoin Rúisis agus faoin gcultúr Rúiseach ar fud an domhain. Freagair na ceisteanna **i nGaeilge. (20 marc)**
***Leithdháil 2 mharc as gach smaoineamh / coincheap atá ceart mura luaitear a mhalairt (gach smaoineamh / coincheap deighilte ag +) agus 1 mharc as smaoineamh / coincheap atá ceart go páirteach. Ná bain marcanna as Gaeilge mhícheart (litriú, comhréir) seachas sa chás go gcuireann sí bac ar chumarsáid.***

i. Tugann an fógra samplaí dá bhfuil ar eolas ag daoine faoin Rúis. Tabhair sampla **amháin**. (2 mharc)

Síscéalta / Pushkin + fionnachtana Lomonosov + buana fhir spóirt na Rúise + traidisiúin fáilteachais na Rúise
***Bronn marc amháin as:*** Is teanga dhomhanda í an Rúisis + is teanga shíochánta í an Rúisis + scéalaíocht na Rúisise

ii. Cé a fhéadfaidh páirt a ghlacadh sa chomórtas? Tabhair **dhá** shonra. (4 mharc)
leanaí 8-12 + déagóirí 13-16 + daoine óga 17-22 + ag staidéar / foghlaim Rúisise
***Bronn dhá mharc ar:*** 8-22

iii. Tabhair **dhá** shonra maidir leis an bhfráma ama don chomórtas trí **dhá** cheann de na ceisteanna seo a leanas a fhreagairt: Cathain a fhógrófar an comórtas? Cathain is gá na póstaeir a bheith curtha isteach? Cathain a fhógrófar na buaiteoirí? (4 mharc)
an 1 Meán Fómhair 2014 – fógra comórtais + 1/12/2014-1/04/2015 – cur isteach póstaer + an 6 Meitheamh 2015 – fógra na mbuaiteoirí

iv. Is gá dóibh sin a bheidh ag glacadh páirte eolas a chur ar fáil fúthu féin. Tabhair **trí** shonra. (6 marks)
ainm + dáta breithe + tír chónaithe + seoladh + uimhir ghutháin + ríomhphost

v. Cad a gheobhaidh na buaiteoirí? Tabhair sonra **amháin**. (2 mharc)
dioplóma / teastas + leabhair i / maidir le / faoi Rúisis + pacáistí ealaíon agus ceardaíochta

vi. Cá mbeidh póstaeir na mbuaiteoirí ar taispeáint? Tabhair sonra **amháin**. (2 mharc)
bilingual-online.net + suíomh gréasáin «Русский мир»
***Bronn marc amháin as:*** ar líne

**Léirthuiscint teanga (10 marc)**

Cuir na focail seo a leanas in dhá cholún: 5 ainmfhocal agus 5 aidiacht.

| Ainmfhocail | Aidiachtaí |
|---|---|
| Адрес | возрастные |
| Категории | домашний |
| Поколение | молодое |
| Почта | русский |
| Язык | электронная |

**B. Measc agus Meaitseáil (40 marc)**

Comhlánaigh an tábla thíos tríd an eolas riachtanach faoi Vladimir Putin a chur isteach sna spásanna atá curtha ar fáil. Roghnaigh do chuid freagraí as an liosta atá ar fáil thíos. (4 mharc as gach freagra ceart)

| | | |
|---|---|---|
| 1. | Дата рождения | 7 октября 1952 |
| 2. | Место рождения | Ленинград, РСФСР, СССР |
| 3. | Отец | Владимир Спиридонович Путин |
| 4. | Мать | Мария Ивановна Шеломова |
| 5. | Детская мечта | Стать пилотом |
| 6. | Дети | Дочери: Екатерина и Мария |
| 7. | Гражданство | Российское |
| 8. | Образование | Ленинградский государственный университет им. А. А. Жданова |
| 9. | Хобби | Катание на лыжах |
| 10/11 | Профессия | Юрист |
| 11/10 | Должность | Президент России |

## C. Struchtúrú Dioscúrsa (20 marc)

Sna hagallaimh seo a leanas líon isteach na focail cheisteacha atá ar iarraidh. Roghnaigh do chuid freagraí as an liosta atá ar fáil thíos. (2 mharc in aghaidh an fhreagra)
Интервью с юным чемпионом Украины по мотокроссу Семеном Неруш на сайте Бырк. РФ.

1. Сколько вам лет, Семен?
— Сейчас уже 8 лет. Когда стал чемпионом, было 7.

2. Когда вы впервые «сели» на мотоцикл?

— Мне ещё не было трёх лет, когда папа купил китайский мотоцикл с мотором. Это был мой первый мот.

3. Кто вас поддерживает на соревнованиях? (bronn marc amháin as Сколько)

— На всех соревнованиях меня поддерживают мои родители, мои друзья, болельщики и, конечно, мой тренер Вадим Галияш.

4. Чья была инициатива в выборе спорта, которым вы занимаетесь?

Всегда в семье у нас присутствовали мотоциклы. Меня даже с роддома забирали на мотоцикле. Поэтому в выборе спорта мы не сомневались — мотокросс!!! Хотя я себя пробовал и в гимнастике, и в брейк-дансе.

5. Где будут проходить следующие соревнования?

— Первый этап молодёжного чемпионата Украины стартует в Энергодаре.

Sa chomhrá seo a leanas tá Olga ag cur agallaimh ar an gcara is fearr aici, Dasha. Cuir isteach na focail atá ar iarraidh.

- Даша как ты проводишь свободное время и чем ты увлекаешься?

-Я люблю фотографировать, в начале этого учебного года я пошла в фотошколу. Ещё я безумно люблю заниматься хип-хопом.

- Чего ты достигла в танцах, и сколько лет ты занимаешься этим видом спорта?

-Я танцую в команде, победила в чемпионатах «FEELING», «Exhibition». Танцами я занимаюсь 6 лет.

- Какие качества, Даша, на твой взгляд, в людях главные?

- Чувство юмора, вежливость, воспитание, доброта.

**D. Léirthuiscint (40 marc)**

Léigh an téacs agus freagair na ceisteanna **i nGaeilge**.

*Ní bheidh c***aighdeán na Gaeilge ina thoisc mheasúnaithe ach amháin sa méid agus go gcuirfeadh sé bac ar chumarsáid.** ***Leithdháil 2 mharc as gach smaoineamh / coincheap atá ceart (gach smaoineamh / coincheap deighilte ag +) agus 1 mharc as smaoineamh / coincheap atá ceart go páirteach [mura luaitear a mhalairt]. (2 mharc in aghaidh an fhreagra + 20 x 2 = 40)***

1.i. Tabhair **dhá** shonra faoi Sergei. (Roinn 1) (4 mharc)

15 bliana (d'aois) + dalta scoile + 9ú rang / grád + cónaíonn sé lena mháthair (agus a athair)

1.ii. Cad a dhéanann Sergei roimh bhricfeasta? Tabhair **dhá** shonra. (Roinn 1) (4 mharc)

éiríonn sé (ag a 7) + tógann sé cith + scuabann sé (a) f(h)iacla + cuireann sé (a) rudaí ina m(h)áilín droma / m(h)ála scoile

1.iii. Cad a bhíonn ag Sergei don bhricfeasta? Tabhair **dhá** shonra. (Roinn 1) (4 mharc)

ubh + arán / ceapaire + cáis + caife / nó tae + uibheagán

2.i. Cén t-am a dtosaíonn lá scoile Sergei? (Roinn 2) (2 mharc)

leathuair tar éis + ocht

2.ii. Cad is féidir le Sergei a dhéanamh ag am lóin? Tabhair **dhá** shonra. (Roinn 2) (4 mharc)

dul chuig seomra bia / caintín + ithe sa bhaile + bia a réitigh an mháthair a ithe + anraith a théamh

2.iii. Conas a chaitheann Sergei a chuid ama idir 3:00 agus 4:00? Tabhair **dhá** shonra. (Roinn 2) (4 mharc)

idirlíon + seolann sé ríomhphoist chuig cairde + cluichí ríomhaireachta + comhrá

3.i. Cathain a dhéanann Sergei a chuid obair bhaile? Tabhair **dhá** shonra. (Roinn 3) (4 mharc)

tar éis Idirlín + ó 4:00 + go dtí 6:00 + ar feadh dhá uair an chloig

3.ii. Cén t-ábhar a ghlacann cuid mhór ama? (Roinn 3) (2 mharc)

mata

3.iii. Cé a thugann spreagadh do Sergei nuair a bhíonn sé ag iarraidh éirí as? (Roinn 3) (2 mharc)

a athair

4.i. Cad a tharlaíonn ar a sé a chlog sa tráthnóna? Tabhair **dhá** shonra. (Roinn 4) (4 mharc)

glaonn a chara / Fedia + téann sé amach ag spraoi le Fedia / lena chara + chuig an bpáirc + sa tsráid

4.ii. Cad a dhéanann sé dhá uair in aghaidh na seachtaine? Tabhair **dhá** shonra. (Roinn 4) (4 mharc)

imríonn sé leadóg + ranganna / dianteagasc / ceachtanna príobháideacha Béarla

4.iii. Cad a dhéanann sé tar éis a bhéile tráthnóna? Tabhair sonra **amháin**. (Roinn 4) (2 mharc)

féachann sé ar an teilifís + éisteann sé le ceol + téann sé a chodladh (ag timpeall 11:00)

**ROINN II (60 MARC)**

**A. Freagraí gearra: léirthuiscint ar chultúr (30)**

Scríobh 3 - 5 abairt i Rúisis **nó** i nGaeilge ar **DHÁ** cheann de na topaicí seo a leanas. Ba chóir go mbeadh **trí** shonra fhíorasacha i ngach freagra. Bronntar marcanna ar ábharthacht na bhfreagraí agus ar leanúnachas an téacs.

Cuir na haistí atá roghnaithe agat in iúl trí theidil na n-aistí a lua.

1. Cad iad na scéalta nuachta Rúiseacha a chlúdaigh na meáin Éireannacha le bliain anuas?
2. Cad iad na spóirt a bhfuil tóir orthu sa Rúis?
3. Conas a chaitheann páistí Rúiseacha a laethanta saoire i rith an tsamhraidh?
4. Cad iad na bealaí a bhfuil na scoileanna Rúiseacha cosúil/éagsúil leis na scoileanna Éireannacha?
5. Ainmnigh triúr Rúiseach cáiliúil. Tabhair sonra **amháin** faoi gach duine díobh.

***Ní bheidh caighdeán na Gaeilge / na Rúisise ina thoisc mheasúnaithe ach amháin sa mhéid agus go gcuirfeadh sé bac ar chumarsáid.***

| | | |
|---|---|---|
| ***Ábhar gach freagra*** | ***12*** | ***Leithdháil 4 mharc as gach smaoineamh / coincheap atá ceart suas go dtí 12 mharc ar a mhéad*** <br> ***Leithdháil 2 mharc as smaoineamh / coincheap atá ceart go páirteach suas go dtí 6 mharc ar a mhéad.*** |
| ***Comhleanúnachas téacsúil*** | ***3*** | ***Leithdháil 3 mharc as comhleanúnachas téacsúil (nuair is iomchuí).*** |
| | ***3*** | ***Eagrú sármhaith. Leibhéal ard comhleanúnachais sa fhreagra ar fad.*** |
| | ***2*** | ***Forbairt déanta go ginearálta ar ábhar laistigh de chreat oibre atá pleanáilte go cúramach. Curtha i dtoll a chéile go maith, go ginearálta, ach easpa comhleanúnachais in áiteanna.*** |
| | ***1*** | ***Eagrú sásúil déanta ar ábhar. Forbairt neamh-chomhsheasmhach agus / nó neamh-uaillmhianach déanta ar smaointe. Siabhránach agus / nó athráiteach in amanna.*** |
| | ***0*** | ***Cumas teoranta le hábhar a eagrú agus le smaointe a fhorbairt. Easpa comhleanúnachais sa struchtúr.*** |

**B. Scríbhneoireacht Leanúnach (30)**
Scríobh 6 - 10 abairt **i Rúisis** ar cheann **AMHÁIN** de na topaicí seo a leanas.

1. Is mian leat scríobh chuig cara pinn óg sa Rúis. Tugadh a s(h)eoladh duit. Scríobh litir chuige/chuici agus déan moladh go gcuirfidh sibh aithne ar a chéile. I do litir inis dó/di fút féin.

- Oscailt / fáiltiú
- d'ainm +
- aois +
- cé tú féin +
- cárb as duit +
- cá raibh tú ar scoil +
- cad iad na hábhair a thaitin leat +
- cathain agus cén fáth ar thosaigh tú ag foghlaim na Rúisise +
- cad a dhéanann tú nuair a bhíonn am saor agat
- mol go gcuirfeadh sibh aithne ar a chéile
- deireadh

2. Tá do chairde agus tú féin ag iarraidh dul ar thuras. Tá na sonraí atá ag teastáil faighte agat. Scríobh chuig do chairde agus inis dóibh

- Oscailt / fáiltiú
- Cén baile a mbeidh sibh ag tabhairt cuairte air
- Cathain a bheidh an chuairt
- Cathain a bhuailfidh sibh le chéile
- Cá mbuailfidh sibh le chéile
- Deireadh

3. Beidh lá breithe do chara ann go luath. Scríobh cárta lá breithe chuige/chuici.

- Oscailt / fáiltiú
- comhghairdeas
- Guí beannachtaí
- Comhrá ginearálta
- Deireadh

***GACH CEANN: Leithdháil marc as ábhar + cumas scríofa (ex 24) mar atá léirithe thíos. Leithdháil leathchuid den mharc ar fáil as an bhfeidhm riachtanach a chomhlíonadh / as an eolas riachtanach (stór focal) a sholáthar agus leathchuid den mharc ar fáil as ionramháil na teanga (cruinneas / oiriúnacht). Ní bhronntar aon mharcanna as eolas / ábhar breise.***

*2 phointe as sonraí den ábhar suas go dtí 12 phointe ar a mhéad*

**Cruinneas agus líofacht**

| **Marc** | **Teanga: cruinneas, líofacht** |
|---|---|
| 12 | Beagnach gan locht maidir le cruinneas. Léirítear leibhéal ard sofaisticiúlachta in ionramháil struchtúir na teanga. |
| 10-11 | Beagán earráidí, mion-earráidí an chuid is mó acu. Ionramháil mhaith teanga. |
| 7-9 | Déantar roinnt earráidí móra gramadaí, ach gan lagú rómhór á dhéanamh ar chumarsáid. Ionramháil na teanga idir a bheith sásúil agus go maith. |
| 4-6 | An chumarsáid lagaithe ag earráidí bunúsacha go minic e.g. comhaontuithe, foirmeacha briathra.<br>Gan ach cumas teoranta in ionramháil na teanga + teanga 'aistrithe' shimplí go príomha, a chuireann bac ar chumarsáid. |
| 1-3 | Cruinneas sna foirmeacha is simplí amháin. Earráidí bunúsacha ann an-mhinic. Ar bheagán cumais in ionramháil na teanga. |
| 0 | Eolas agus réimse chomh teoranta sin nach féidir aon mharcanna a bhronnadh ina leith. |

***Leithdháil 6 mharc as comhleanúnachas téacsúil:***

***6*** ***Eagrú sármhaith. Leibhéal ard comhleanúnachais sa fhreagra ar fad.***

***4-5*** ***Forbairt déanta go ginearálta ar ábhar laistigh de chreat oibre atá pleanáilte go cúramach. Curtha i dtoll a chéile go maith, go ginearálta, ach easpa comhleanúnachais in áiteanna.***

***2-3*** ***Eagrú sásúil déanta ar ábhar. Forbairt neamh-chomhsheasmhach agus / nó neamh-uaillmhianach déanta ar smaointe. Siabhránach agus / nó athráiteach in amanna.***

***1*** ***Cumas teoranta le hábhar a eagrú agus le smaointe a fhorbairt. Easpa comhleanúnachais sa struchtúr.***

***0*** ***Eagraithe chomh dona sin agus an oiread sin easpa comhleanúnachais ann nach féidir aon chreidiúint a thabhairt.***

**Cluastuiscint**

Ginearálta:

- Níl aon phionós ann as ábhar iomarcach nach ndéanann an freagra neamhbhailí.
- Glac le foirmiú ar bith a thugann an t-eolas atá á lorg.
- Glac le freagraí ar cheisteanna atá scríofa san áit mhícheart.
- Ní bheidh caighdeán na Gaeilge ina thoisc mheasúnaithe ach amháin sa mhéid agus go gcuirfeadh sé bac ar chumarsáid.
- Má tá an freagra scríofa go hiomlán i Rúisis – ná gearr pionós. Má tá gnéithe leithlisithe (focail / nathanna) de Rúisis san áireamh sa fhreagra – ná gearr pionós.

***Bronn CÚIG mharc as gach pointe ceart / ábhartha.***

## ROINN I

### Achoimre na Nuachta / Новости 25 marc

1. Cén fáth a bhfuil dream oibrithe deonacha Éireannacha ag dul go dtí réigiún Pskov?
   c. Chun áras do pháistí a athchóiriú

2.i. Cá mbeidh beagnach 50% de na Rúisigh ag caitheamh an tsamhraidh?
   a. sa bhaile

2.ii. Cén céatadán de Rúisigh a bheidh ag dul thar lear an samhradh seo?
   d. 9%

3. Cén cineál ceoil a sheinneann an grúpa as Vologda?
   a. Ceol tíre na hÉireann

4. Cén craobhchomórtas atá díreach buaite ag Kirill?
   a. dornálaíocht

## ROINN II

### Fógra / реклама 25 marc

1. Tá scéim roinnte rothar á tabhairt isteach i Moscó. Cathain atá sí le lainseáil?
   b. 1ú Meitheamh

2.i. Cén t-eolas is gá do dhaoine a chur ar fáil chun clárú leis an scéim roinnte rothar? Tabhair sonra **amháin**.
   Eolas pearsanta / ainm + seoladh ríomhphoist + uimhir theileafóin

2.ii. Nuair a chláraíonn duine, cad a thugtar dó/di?
   b. pasfhocal logála isteach
   Bronn 3 mharc as: pacáiste eolais

3.i. Má roghnaíonn tú rothar a fháil ar cíos in aghaidh na huaire, cé mhéad ama a fhaigheann tú saor in aisce?
   b. An chéad leathuair an chloig

3.ii. Cé mhéad d'fhíneáil a ghearrfaí ort mura dtabharfá an rothar ar ais?
   c. 3,000 rúbal

## ROINN III

**Agallamh / репортаж 25 marc**

1. Tabhair sonra pearsanta **amháin** faoi Maksim.
   As Briansk + 21 bliain d'aois + chónaigh sé i dteach leanaí + chónaigh sé in Seltsov / Khotelovo + ag staidéar sa choláiste + ag oiliúint le bheith ina mheicneoir cairr + is maith leis a ghairm bheatha roghnaithe + is mian leis bheith ina speisialtóir maith + caitheann sé a chuid am saor ag plé le spórt / is lúthchleasaí é

2. Ghlac Maksim páirt i maratón Bhaile Átha Cliath. Cad a thug na heagraithe dó sular thosaigh sé? Tabhair sonra **amháin**.
   Pacáiste (le gach rud a theastódh uaidh) + uisce + seacláid + deochanna ardfhuinnimh

3.i. Cad a chuaigh i bhfeidhm ar Maksim maidir le hÉirinn nuair a tháinig sé den chéad uair? Tabhair sonra **amháin**.
Spéir íseal + spéir scamallach + daoine + miongháirí + beannachtaí + dea-thoil + cineáltas + fonn le cuidiú + baile glan

3.ii. Conas a chabhraigh Debbie Deegan leis an áras do pháistí ina mbíodh Maksim ina chónaí? Tabhair sonra **amháin**.
scíonna curtha ar fáil + trealamh spóirt + ionad cispheile trealmhaithe + peileanna

4. Conas a chaithfidh Maksim an chuid eile dá thréimhse ama i mBaile Átha Cliath? Tabhair sonra **amháin**.
   Téigh chuig bál carthanachta + dioscó + Oíche Shamhna + gléasadh suas (mar ghliaire)

## ROINN IV

**Beathaisnéis / Биография 25 marc**

1. Tabhair sonra **amháin** faoi theaghlach Nikita Mihalkov.
   Athair ina scríbhneoir (leanaí cáiliúil) + file / scríbhneoir a mháthair + aistritheoir a mháthair + ealaíontóir a sheanathair (Konchalovsky) + ealaíontóir a shin-seanathair (Surikov) + deartháir / Andrei

2.i. Cad iad na hábhair a mbíodh deacrachtaí aige leo ar scoil?
b. Matamaitic agus eolaíocht

2.ii. Cén aois a bhí aige nuair a fuair sé a chéad ról i scannán?
c. 14

3.i. Bhí a chéad phríomhpháirt ag Nikita Mihalkov sa scannán «Я шагаю по Москве». Cúis amháin a bhí lena cháil ná toisc
b. gur chan sé amhrán a raibh móréileamh air

3.ii. Cén tréimhse ba mhó ina raibh Nikita Mihalkov faoi bhláth?
d. 1974-1984

Leathanach Bán